

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Aigneachtaí

1. [Taisce Árinn Teoranta](#)
2. [Coiste Dúiche na Gaillimhe de Chonradh na Gaeilge](#)
3. [Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge](#)
4. [Conradh na Gaeilge](#)
5. [Councillor Joe Conway](#)
6. [Máire Ní Laoire](#)
7. [Ciarraí Beo Teoranta](#)
8. [Fios Feasa](#)
9. [Comhluadar](#)
10. [Seán Ó Currain](#)
11. [Eamonn Ó Flannagáin](#)
12. [Cumann Aistritheoirí agus Teangairí na hÉireann](#)
13. [Raidió na Gaeltachta](#)
14. [Seósamh Mac Ionnrachtaigh](#)

Taisce Árinn Teoranta
Árainn Mhór
Co. Dhún na nGall
Éire

e-mail: taisce@arainnmhor.com

Tel: + 353 7495 21593

Mobile: + 353 86 8525011

<http://www.arainnmhor.com>

<http://www.foghlaim.com>

A Sheáin a chara,

Tá mé ag scríobh chugat chun tú a chur ar an eolas fá na seirbhísí atá á thairiscint againn i dtaobh sainchúrsaí Gaeilge. Ba mhaith linn iniúchadh a dhéanamh ar na féidearachtaí comhoibrithe idir muidne agus d'eagraíocht féin in ullmhú d'fhoirne don Acht um Teangacha Oifigiúla 2003.

Chun rud beag eolas a thabhairt duit ar chúlra ár gcomhlachta agus na seirbhísí a chuireann muid ar fáil:

Is comhlacht muid atá lonnaithe ar Oileán Árinn Mhór i nGaeltacht Dhún na nGall a dhearann agus a chuireann ar fáil sainchúrsaí sa Ghaeilge do dhaoine fásta.

Tá foireann lán cháilithe againn a bhfuil obair fhairsing déanta acu ar chúrsaí Gaeilge a dhearadh agus a chur ar fáil do bhaill oibre eagraíochtaí ar nós An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, Comhairle Chontae Dhún na nGall, Bord Sláinte an Iarthuaiscirt agus Bord Fiontair Chontae Dhún na nGall.

Tá áitreabh nua-aimseartha agus áiseanna againn chun na cúrsaí a reáchtáil ann i dtimpeallacht chompordach.

Anuraidh agus i mbliana, dhear agus chuir muid cúrsaí ar fáil sa Ghaeilge d'fhoireann na Roinne Gnóthaí Sóisialaigh agus Teaghlaigh, chun iad a ullmhú d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Tá Taisce Árinn dírithe go mór ar an chustaiméir, agus tá sé de aidhm againn a bheith ag obair le do Roinn chun a dhéanamh cinnte de go gcomhlíontar aidhmeanna na gcúrsaí. I rith thréimhse aon chúrsaí d'oibreoimis leat chun a dhéanamh cinnte de go bhfuil na cúrsaí in oiriúint do na rannpháirtithe agus ag teacht le mianta na Roinne.

Bheimis iontach sásta aon cheisteanna atá agat a fhreagairt i dtaobh an togra seo, agus bheinn iontach sásta labhairt leat faoi dá mbeadh suim agat ann. Tá mé ag súil le cloisteáil uait amach anseo.

Is mise le meas,

Seamus Ó Cnáimhsí

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Aighneacht ó

Choiste Dúiche na Gaillimhe de Chonradh na Gaeilge

Coiste Dúiche na Gaillimhe
Conradh na Gaeilge
45 Sr. Doiminic
Gaillimh

5 Eanáir '05

A Chara,

Tagraím d'Acht na dTeangacha Oifigiúla agus an Scéim Ghaeilge atá á ullmhú agaibh.

Is mian liom an aighneacht iniata a chur faoi bhráid mar chuid den phróiseas chun an Scéim sin a ullmhú.

Tá an aighneacht curtha le chéile thar ceann Choiste Chontae na Gaillimhe de Chonradh na Gaeilge. Is iad seo leanas na Craobhacha atá páirteach sa Choiste sin.

Baile Locha Riach

Baile Átha an Rí

Órán Mór

Maigh Cuilinn

Uachtar Ard

Na Forbacha

Béal Átha na Slua

Annach Cuain

Dúiche Raiftéirí

An Spidéal

An Achréidh

Bun na gCnoc

Beithe

Inis Meáin

Inis Oírr

Cathair na Gaillimhe

Tír Oileán

Tuaim

Cumann Drámaíochta agus Cumann Gaelach na hOllscoile

Cumann Gaelach Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo

Craobh na Mílaoise, Cois Fharraige

Beidh áthas orainn aon chúnamh eile is féidir a chur ar fáil agus táimid ar fáil do chruinniú má tá sé sin de dhíth.

Beir bua,

Peadar Mac Fhlannchadha

Cathaoirleach

Eolas:

Eolas faoi chúla, seirbhísí reatha, pleananna agus gach eolas eile a bheith ar fáil go dátheangach faoin eagraíocht. Gach ábhar a chur ar fáil go dátheangach, ina n-áirítear, bileoga eolais, paimfléid, foirmeacha, tuarascála bliantúla, cuntais agus gach eolas eile a cuirtear ar fáil trína meáin chlóite, an raidió, teilifís agus na meáin leictreonacha. An t-eolas seo a bheith ar fáil go comhuaineach agus gan gá aon obair bhreise a dhéanamh thar mar a bheidh i gceist chun teacht ar an eolas i mBéarla. An t-eolas seo a bheith curtha ar fáil i mbealach atá soléite agus éasca le tuiscint.

Sprioc: Roimh dheireadh na céad bliana den Scéim

Comhfhreagras:

Go mbeidh comhfhreagras iomlán ar fáil i nGaeilge más é sin rogha an tsaoránaigh. Clúdaíonn an téarma comhfhreagras gach teagmháil idir an saoránach agus an Comhlacht, litreacha, ríomhphost, guthán 'srl. Go ndéanfar é seo i mbealach nach gcuirfidh moill ar ghnó an tsaoránaigh nó nach gcuirfidh as don leibhéal seirbhíse a cuirtear ar fáil.

Sprioc: Roimh dheireadh na céad bliana den Scéim

Córas Gutháin

Tá an-tábhacht leis an gcóras fóin mar go hiondúil is é seo an chéad phointe teagmhála a bhíonn ag an saoránach leis an gcóras stáit. Tá sé riachtanach go dtuigfeadh an té atá ag glaach go bhfuil fáilte roimh an Ghaeilge agus go mbeidh seirbhís éifeachtach ar fáil tríd Ghaeilge. Caithfidh córas a bheadh ann chun plé le fiosrúcháin gutháin i nGaeilge chun a chinntiú go mbíonn seirbhís ar fáil láithreach don té a chuireann glaach ar

aon uimhir fóin de chuid. Dfhéadfaí leas a bhaint as uimhir fhóin faoi leith i gcás fiosrúchán Gaeilge mar shampla.

Ba chóir a chinntiú; Go dtabharfaí an leagan Gaeilge den ainm nuair a fhreagaítear an fón.

Go mbeadh sé ar chumas an té atá ag freagairt an fhóin plé le fiosraithe i Gaeilge nó iad a chur ar aghaidh chuig an ball foirne cuí. Más córas uathoibríoch atá in úsáid go mbeadh sé seo ar fáil go dátheangach agus nach mbeadh sé socraithe i mbealach go mbeadh teachtaireacht i mBéarla i dtús agus gur gá fanacht go dtí an deireadh ar fad don teachtaireacht Ghaeilge.

Sprioc: Tús na Scéime

Ríomhphost

Ba chóir a chinntiú go mbíonn seirbhís ríomhphoist ar fáil i nGaeilge mar chuid den ghnáthchomhfhreagras agus freisin go mbeadh leagan dátheangach ar fáil d'aon teachtaireachtaí uathoibríocha a mbaintear úsáid astu mar chuid den chóras.

Sprioc: Tús na Scéime

Cúrsaí Theicneolaíochta

Beidh tábhacht ar leith ag baint le úsáid na teicneolaíochta chun seirbhísí i nGaeilge a chur ar fáil

Cinntiú go bhfuil an teicneolaíocht i bhfeidhm chun córas a fheidhmiú gur i nGaeilge a dhéanfaí gach plé leis an té ar mian leis é seo a dhéanamh. Go mbeadh an córas seo in ann é seo a aithint ón chéad teagmháil idir an chustaiméir agus an Roinn agus é seo a leanúint i ngach plé a bhíonn ag an té sin ina dhiaidh sin le haon rannóg den Roinn chun a chinntiú gur seirbhís i nGaeilge a chuirfear ar fáil dóibh

Go bhfuil an córas ríomhaireachta ar fad in ann an síneadh fada a úsáid agus gur amhlaidh a bheidh sé maidir le úsáid an tsínidh fhada ar aon fhoirm ar líne.

Go mbeadh gach foirm d'aon chineál a chuirfear amach chuig an bpobal tríd an lárchóras ríomhaireachta ar fáil go dátheangach

Go mbeadh an córas gutháin inniúil ar sheirbhís i nGaeilge a chur ar fáil don phobal agus go mbeadh sé seo déanta i mbealach a chuireadh in iúl láithreach

go bhfuil seirbhís i nGaeilge ar fáil ón Roinn agus fáilte roimh an pobal an tseirbhís seo a úsáid

Go ndéanfaí cinnte go mbeadh suíomh idirlín na Roinne go hiomlán dátheangach. Go mbeadh an t-eolas ar fad atá ar an suíomh ar fáil go dátheangach

Spríoc: Roimh dheireadh na dara bliana

Foireann:

1. Go gcuirfí eolas ar fáil don phobal faoin bhfoireann atá ábalta seirbhís a chur ar fáil i nGaeilge agus go n-eagrófaí córas cinnte chun teagmháil a dhéanamh lena baill foirne seo agus chun a léiriú cén réimse seirbhíse atá siad in ann a chur ar fáil.

Go gcuirfear feachtais eolais ar bun chun na dualgais nua faoin Acht Teanga agus Scéim na Gaeilge a mhíniú don fhoireann ar fad.

Spríoc: Tús na Scéime

2. Go gcuirfí córas oiliúna ar fáil chun cur ar chumas an chuid eile den fhoireann caighdeán Gaeilge a bhaint amach a chuirfeadh ar a gcumas seirbhís i nGaeilge a chur ar fáil ar a gcompord féin agus ar chompord an chustaiméara.

Go mbeadh sé seo déanta ag leibhéal go mbeadh seirbhís i nGaeilge ar fáil gan stró ag clúdach gach réimse oibre.

Spríoc: Roimh dheireadh na céad bliana den Scéim

3. Go gcuirfí cumas Gaeilge san áireamh agus foireann á earcú feasta.

Spríoc: Tús na Scéime

Ginearálta: Ní bheidh sé inghlactha go mbeadh ar na baill foirne a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu plé le gach éileamh ar sheirbhísí i nGaeilge, cuma cén rannóg lena bhfuil siad ag obair. Níl sé seo cothrom don mball foirne agus ní bheidh an réimse eolais acu chun seirbhís cuí a chur ar fáil don saoránach.

Soláthar Seirbhísí

Go mbeidh deis ag an saoránach seirbhísí iomlán a fháil tríd mheán na Gaeilge, ó eolas faoina seirbhísí atá ar fáil, comhfhreagras tríd Ghaeilge, agus ansin plé díreach leis an bhfoireann tríd mheán na Gaeilge.

Ach go háirithe go mbeadh an tseirbhís seo leanas á cur ar fáil.

Oifigí: Foireann ar fáil i ngach oifig chun seirbhís a chur ar fáil i nGaeilge.

Nósmhaireacht bunaithe chun an rogha teanga atá ar fáil a chur in iúl don phobal.

Córas eagraithe chun a chinntiú nach gcuirfí moill ar bith ar an té atá ag lorg seirbhís i nGaeilge.

Sprioc: Roimh dheireadh dara bliana na Scéime

I gcás oifig ar bith atá ag feidhmiú sa Ghaeltacht gurb í an Ghaeilge teanga oibre na hoifige agus na foirne agus gurb í nGaeilge a bheidh na comharthaí ar fad ‘srl.

Cinntiú go bhfuil gach uile foirm ‘srl. ar fáil go dátheangach ar aon bhileog amháin.

Má tharlaíonn sé i gcás eisceachtúil nach bhfuil an dá theanga ar an bhfoirm céanna go mbeadh na leaganacha Gaeilge ar fáil go soiléir poiblí agus nach mbeadh ar an bpobal dul á lorg go speisialta.

Sprioc: Tús na Scéime

Plé leis an bPobal:

Foireann: Foireann a chur ar fáil atá lánchumasach sa Gaeilge chun plé le pobail nó daoine aonair ar mian leo seirbhís i nGaeilge a fháil. An t-eolas go bhfuil seirbhís mar seo ar fáil a phoibliú go forleathan.

Ócáidí: Aon chúrsaí, seirbhísí poiblí, seimineáir, ócáidí eolais a bhíonn ar siúl a eagrú go dátheangach, nó i nGaeilge amháin más ceantar Gaeltachta atá i gceist.

Sprioc: Deireadh na céad bliana

An Ghaeltacht

Gur i nGaeilge amháin a bheidhfi ag plé le gach gnó sa Ghaeltacht agus go dtabharfar tús áite don Ghaeltacht maidir le soláthar seirbhísí i nGaeilge.

Sprioc: Tús na Scéime

Ceantair ina bhfuil leibhéal ard cainteoirí Gaeilge agus Gaelscoileanna

In áit go bhfuil eolas ar fáil faoi leibhéal ard cainteoirí Gaeilge a bheith ina gcónaí ann agus/nó go bhfuil Gaelscoil sa cheantar, go dtabharfar aird faoi leith do sholáthar seirbhísí i nGaeilge.

Spríoc: Tús na Scéime

Oifigí / Foirgnimh:

Go ndéanfaí soiléir trí chomharthaí, dearcadh foirne, beannachtaí agus córas fóin 'srl. go bhfuil fáilte roimh úsáid na Gaeilge agus go mbeidh seirbhís i nGaeilge ar fáil a bheidh ar chomhchaighdeáin le seirbhísí i mBéarla.

Spríoc: Tús na Scéime, agus ag cur leis de réir mar a chuirtear le leibhéal na seirbhíse a chuirfear ar fáil i nGaeilge

Ócáidí Poiblí:

Go ndéanfar cinnte go mbeidh gach ócáid poiblí atá á reáchtáil go dátheangach, idir comharthaí agus cur i láthair, óráidí san áireamh.

Spríoc: Tús na Scéime

Freagracht:

Go mbunófaí córas freagrachta chun soláthar na seirbhísí i nGaeilge a chinntiú agus go mbeidh dualgais chinnte ag leibhéal riaracháin éagsúla chun é seo a bhaint amach. Go mbeidh na daoine atá roghnaithe chun an córas freagrachta a fheidhmiú i gceannas chomh maith ar an bhfeachtais eolais chun na dualgais nua faoin Acht Teanga agus Scéim na Gaeilge a mhíniú don fhoireann ar fad.

Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge

John Coleman, Uas
Oifigeach Seirbhís
Custaméara den Scoth
Roinn an Taoisigh
Baile Átha Cliath 2

7 Eanáir 2005

Tagairt: Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 – Ullmhú Scéime de réir Alt 11

A chara,

Tá áthas ar Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge an deis a fháil moltaí a chur faoi bhráid Oifig an Taoisigh agus iad ar tí scéim a ullmhú.

Tá seans anois ag an Oifig seo struchtúr feiliúnach a bhunú lena chinntiú go bhfuil seirbhís trí Ghaeilge ar fáil go leanúnach agus gan deacracht. Ní mór riachtainis phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta a thabhairt san áireamh i ngach gné de ghnóthaí Oifig an Taoisigh. Éilíonn an Chomhdháil go mbeidh gach gné den obair a bhaineann go díreach nó go hindíreach le pobal na Gaeltachta á riaradh tré Ghaeilge. Is gá go mbeadh pleanáil córasach teanga san áireamh mar chuid den gnáth phróiseas pleanála agus go mbeadh cúram ar fhostaithe feidhmiú ar bhealach a chintíonn go bhfuil ceartha teanga an tsaoránaigh á gcomhlíonadh.

Iniata tá aighneacht ó Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge agus ba mhór againn dá dtabarfadh sibh ár moltaí san áireamh agus sibh ag dréachtadh na scéime. Tá súil ag an gComhdháil go mbeidh gach rath oraibh leis an obair thábhachtach seo agus beidh mé ar fáil má bhíonn aon cheist le cur nó soiléiriú á lorg.

Is mise le meas,

Áine Ní Chonghaile
Feidhmeannach

aine@comhdhail.ie
padraig@comhdhail.ie

Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge



Aighneacht

maidir le dréachtú scéime faoi réir Alt 11

d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

chuig : Roinn an Taoisigh

Eanáir 2005

Réamhrá

Is í Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge an lár-chomhairle ar na heagraíochtaí deonacha Gaeilge. Bunaíodh í sa bhliain 1943 agus faoi láthair tá 21 balleagraíocht inti.

Is í feidhm don Chomhdháil na heagraíochtaí Gaeilge agus cairde eile na teanga a chomhdhlúthú d'fhonn comhpháirtíocht thorthúil a chinntiú trí chumarsáid a chothú agus aontú ar phríomhspríocanna oibre na Comhdhála.

Baineann an Chomhdháil leis an earnáil dheonach. Ní eagraíocht stáit í nó ní eagraíochtaí stáit iad a cuid baill. Tá an Chomhdháil mar chuid d'earnáil na saoránach, i.e. cuid riachtanach den daonlathas rannpháirteach.

Léirítear fealsúnacht, ról agus aidhmeanna Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge go soiléir ina ráiteas misin 'bá agus tacaíocht don Ghaeilge mar bheotheanga agus cumas inti í a neartú agus a bhuanú le go mbeidh sí á húsáid go saoráideach agus go forleathan i ngach gné de shaol mhuintir na hÉireann'.

Tá spéis ar leith ag eagraíochtaí na Comhdhála i stádas na Gaeilge agus go háirithe sa chás go bhfuil feidhm á tabhairt don stádas sin i reachtaíocht na tíre. Fáiltíonn Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge roimh an deis seo tuairimí a chur faoi bhur mbráid faoin ndrúacht-scéim atá beartaithe ag **Roinn an Taoisigh** atá ár moltaí déanta.

Aontaíonn an Chomhdháil leis na treoirlínte a d'eisigh an tAire le déanaí. Tá sé den riachtanas go bhfeidhmeoidh an Roinn dá réir.

Comhthéacs na Scéime

Roinn an Taoisigh. Is Comhlacht Poiblí é Roinn an Taoisigh atá freagrach as réimse leathan seirbhísí a chur ar fáil don phobal. Tá iomlánú ar chúramaí agus ar dhualgais na Roinne ar a suíomh idirlíon. De réir - **CAIRT UM CHUSTAIMÉIRÍ** - ar suíomh na Roinne deirtear;

Tá Roinn an Taoisigh ceangailte le seirbhís phroifisiúnta, éifeachtach, chúirtéiseach a chur ar fáil dár gcustaiméirí go léir.

Is é an sainordú atá againn ná tacú leis an Taoiseach ina ról bunreachtúil agus deasghnách mar Cheannasaí an Rialtais, agus cabhrú leis ceannaireacht éifeachtach, comheagrú agus treoir a sholáthar thar réimse bheartas lárnach. Freastalaíonn foireann na Roinne go scrupallach agus go neamhchlaonta.

I measc an eolais eile atá ar an suíomh tá eolas ar –

An Taoiseach agus an Rialtas

Roinn an Taoisigh

Réimsí Polasaí

Eolas Ginearálta agus Teagmhálacha

Zón na hÓige

Cad tá nua

Clár Rialtais

Reachtaíocht an Rialtais

Tá ról lárnach ag Roinn an Taoisigh i leith na Gaeilge agus i leith na Gaeltachta. Molann an Chomhdháil go ndéanfaí léiriú soiléir ar an ról seo tríd an idirlín, trí fhógraíocht, trí chomharthaíocht agus trí mhodhanna eile cumarsáide. Déanann an Chomhdháil comhghairdeas leis an Roinn de bharr an Ghaeilge a bheith chomh feiceálach sin ar a suíomh idirlíon agus molann an Chomhdháil go leanfaí leis an leagan Gaeilge ar chomhchéim leis an leagan Béarla i gcónaí. Tá sé fíor- thábhachtach go mbeadh an Roinn seo le feiceáil ag tabhairt sampla agus treoir do chomhlachtaí poiblí eile

maidir le tacaíocht don Ghaeilge. Tá áthas ar an gComhdháil go bhfuil cuspóir dearfach na Roinne luaite mar seo ina Cairt um Chustaiméirí -

An Ghaeilge: *Cinnteoimid gur féidir le custaiméirí a dteastaíonn uathu a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge a dhéanamh amhlaidh.*

Is fiú go mór go mbeadh sé le feiceáil ag an bpobal go dtugann An Roinn tacaíocht láidir don teanga i ngach gné den obair atá idir lámha aici. Ní mór freisin oiliúint a chur ar fáil agus deis a thabhairt d'fhostaithe na Roinne an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid ar bhonn leanúnach. Molann Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge go n-úsáidfí Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, chun *ethos* Roinn an Taoisigh i leith na Gaeilge a neartú tuilleadh. Le go mbeidh an tionchar ceart ag scéim ní mór go léireodh sé go bhfuil i gceist leanúint le seirbhís den scoth a thairiscint do phobal na Gaeilge bunaithe ar “Sheirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí” thuasluaite agus **go mbeidh a fhios ag an bpobal go bhfuil an seirbhís seo ann dóibh.**

An Scéim

Roinn an Taoisigh

Aithneoidh **Roinn an Taoisigh** a dualgas agus a ról faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus deimhneoidh sí go bhfeidhmeoidh sí go dílis de réir an Achta agus de réir an spioraid atá taobh thiar de.

Nóta: Is ionann “**Comhlacht Poiblí**” **i gcás an aighneachta** seo agus Roinn an Taoisigh agus baineann gach tagairt do “**an Comhlacht Poiblí**” ins an aighneacht/doiciméad le Roinn an Taoisigh.

Réamhrá don scéim

- 1.1 Déanfaidh an Comhlacht Poiblí cur síos ar a custaiméirí, a seirbhísí agus a gníomhaíochtaí ar nós mar atá leagtha amach faoin *Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997 & 2003*.
- 1.2 Ina theannta sin saineoidh an Comhlacht Poiblí na seirbhísí sin atá ar fáil cheana féin i nGaeilge.
- 1.3 Cinnteoidh an Comhlacht Poiblí go mbeidh na seirbhísí bunaithe ar phrionsabail “Seirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí” agus déileálfaidh an fhoireann leis an bpobal i nGaeilge agus i mBéarla soiléir intuigthe.
- 1.4 Leagfaidh an Comhlacht Poiblí spriocanna cinnte síos agus amscála chun iad a bhaint amach.
- 1.5 Léireoidh an Comhlacht Poiblí córas measúnaithe a dhéanfaidh seachadadh na seirbhíse a mheas agus a chinnteoidh go n-aithneofar céimeanna feabhais.
- 1.6 **Lorgóidh an Comhlacht Poiblí aischothú leanúnach ón bpobal ar fheidhmiú na scéime agus beidh cur síos ar an gcóras sin ríofa sa scéim.**

An Scéim

2. (a) Is í tuairim láidir Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge gur cóir go mbeadh sé **mar bhun aidhm ag an gComhlacht Poiblí go mothóidh an custaiméir i gcónaí go bhfuil fáilte roimhe/roimpi agus go mbeidh teacht aige/aici ar sheirbhís trí Ghaeilge gan aon mhór dua.**
 - (b) Tá sé tábhachtach go mbeadh Ard-Rúnaí an Chomhlachta Poiblí freagrach as seachadadh na seirbhíse seo. Ceapfaidh an Comhlacht Poiblí Oifigeach Sinsearach i ngach rannóg gníomhaíochtaí chun féachaint chuige go bhfeidhmeofar an scéim ach í a bheith aontaithe leis an Aire.

2.1 Os rud é go bhfuil an Comhlacht Poiblí freagrach as seirbhís a chur ar fáil i gceantair Gaeltachta chomh maith le seirbhís do phobal na Gaeilge i gcoitinne beartóidh siad caitheamh leis an nGaeilge agus an mBéarla ar bhonn comhionannais agus iad ag plé leis an bpobal. Ciallaíonn an gealltanas seo go gcuirfear saor-rogha teanga ar fáil don phobal agus iad ag plé leis an gComhlacht Poiblí. Ní bheidh aon saoránach faoi mhí-bhuntaíste ar bith ag éirí as a rogha teanga oifigiúil a roghnú. De bharr cúlra éagsúil gairmiúil na foirne, tá roinnt ball foirne ins na hoifigí gan Ghaeilge. Dá bhrí sin, mar shocrú *ad interim* :

2.2 Freagróidh fáilteoirí, teileafónaithe nó baill foirne an guthán go dátheangach lasmuigh den Ghaeltacht. Cuirfear clár traenála bunúsach ar fáil don fhoireann maidir le húsáid na Gaeilge ar an nguthán. Beidh aon teachtaireacht ar ghuthán réamh-thaifeadta go dátheangach.

2.3 Beidh liosta reatha ag gach fáilteoir nó teileafónaí de dhaoine ainmnithe ingach rannóg nó fo-roinn de chuid an Chomhlachta Poiblí atá in ann ábhar na Rannóige nó na fo-roinne a phlé i nGaeilge.

2.4 Aithneoidh an Comhlacht Poiblí go bhfuil Gaeilge riachtanach le seirbhís chuimsitheach a chur ar fáil don phobal. Aithneoidh sé freisin, nuair a lorgaíonn an saoránach lasmuigh den Ghaeltacht seirbhís, go bhfuil sé de cheart aige/aici an teanga ina ndéantar an tseirbhís sin a sheachadadh a bheith mar an gcéanna leis an teanga inar lorgaíodh an tseirbhís ar an gcéad dul síos. Chuige seo, beartóidh an Comhlacht Poiblí nach mbeidh aon seirbhís dá cuid ar fáil trí mheán an Bhéarla amháin laistigh de 5 bliana ó theacht i bhfeidhm na dréacht-scéime.

2.5 Chun an sprioc seo a bhaint amach beidh polasaí cinnte ag an gComhlacht Poiblí maidir le hearcú, ionduchtú agus oiliúint foirne agus mar chuid de sin tógfar na céimeanna seo a leanas :-

- Beidh an Ghaeilge mar riachtanas sainithe i gcúrsaí earcaíochta an Chomhlachta Poiblí i bpáirtíocht le Coimisinéirí na Stát Seirbhíse as seo amach;
- Tá ceart ag fostaithe de chuid na Comhlachta Poiblí an Ghaeilge a úsáid go hinmheánach. Chuige seo, beidh athbhreithniú rialta ar chóras riaracháin an chomhlachta chun a chinntiú go mbeidh deis ag baill foirne ar mhaith leo nó atá toilteanach obair a dhéanamh trí mheán na Gaeilge sin a dhéanamh mar ghrúpa/aonad.
- Leanfar le scéim Gaeleagrach ach cuirfear scéim inmheánach ar leith ar bun freisin ionas go mbeidh deis ag gach uile ball foirne Gaeilge a fhoghlaim.

Comhfhreagras

3.(a) Sa mbreis ar an gcleachtas san Aontas Eorpach agus an méid atá leagtha síos in Alt 9 (2) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, cinnteoidh an Comhlacht Poiblí go bhfaighidh an custaiméir freagra nó admháil ar chomhfhreagras taobh istigh d'amscála réasúnach agus cinnte ar chomh chaighdeán seirbhíse le comhfhreagras i mBéarla.

(b) Faoi mar atá in Alt 9 (3) den Acht beidh comhfhreagras a thionscnaíonn an Comhlacht Poiblí i nGaeilge nó beidh ráiteas soiléir i nGaeilge ag cur in iúl don léitheoir go bhfuil fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge. Beidh comhfhreagras ón gComhlacht Poiblí maidir leis an nGaeilge nó cúrsaí Gaeltachta i nGaeilge sa chéad dul síos.

(c) Sa chás go bhfuil a fhios ag an gComhlacht Poiblí gur fearr le custaiméir feidhmiú trí Ghaeilge beidh gach comhfhreagras leis an duine sin i nGaeilge.

Stáiseanóireacht

4. (a) I gcás stáiseanóireachta de, beidh sé mar pholasaí de chuid an Chomhlachta Poiblí, go mbeidh sí i nGaeilge nó dátheangach. Sa chás seo, beidh sé mar pholasaí go mbeidh aon téacs i nGaeilge nó i mBéarla ar chomh mhéid. Beidh an leagan Gaeilge os cionn an leagan Béarla agus áit a mbeidh an dá théacs le chéile beidh an leagan Gaeilge ar taobh na láimhe clé. Beidh an dá théacs comhionann ó thaobh cruth, méid, caighdeán, soléiteacht agus suntasacht de. Más gá aon idirdhealú eile a dhéanamh beidh forlámhas ag an Gaeilge.

(b) Is i nGaeilge agus i mBéarla a bheidh fógráin, fógairtí béil (beo nó réamh-thaifeadta), agus comharthaí de chuid na Comhlachta Poiblí taobh amuigh den Ghaeltacht. **Is i nGaeilge amháin a bheidh fógráin 7rl sa nGaeltacht.**

(c) Beidh póstaer eolais ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla go comhuaineach.

Cumarsáid Leictreonach

5.1(a) Baineann an treoir thuas maidir le comhfhreagras leictreonach nó ríomhphoist chomh maith. Beidh an séanadh a cuirtear ar gach ríomhphoist dátheangach nó i nGaeilge amháin.

5.1(b) Beidh an suíomh idirlíon a chuireann eolas ar fáil don phobal go hiomlán dátheangach.

Ábhar Scríofa

6.(a) Tá dualgas reachtúil ar an gComhlacht Poiblí roinnt ábhar scríofa a fhoilsiú go comhuaineach i ngach ceann de na teangacha oifigiúla : cuntais, tuairiscí, 7rl.

(b) Beidh sé mar chleachtas sa Roinn gach uile doiciméad poiblí a fhoilsiú go dátheangach, iad siúd nach luaitear san Acht san áireamh.

(c) Beidh foirmeacha coitianta seachtracha an Chomhlachta Poiblí (.i.e. foirmeacha go mbíonn ar an bpobal a úsáid seachas foirmeacha inmheánach), i nGaeilge intuigthe sa nGaeltacht sa chás gur gnó Gaeltachta amháin atá i gceist. Is go dátheangach a bheidh na foirmeacha coitianta seachtracha eile.

Cruinnithe Poiblí

7.(a) Reachtálfar cruinnithe, fiosrúcháin, 7rl a eagraíonn an Comhlacht Poiblí don phobal trí mheán na Gaeilge sa Ghaeltacht le seirbhís ateangaireacht comhuaineach Gaeilge-Béarla/Béarla-Gaeilge ar fáil don té go bhfuil fonn air Béarla a úsáid.

(b) Lasmuigh den Ghaeltacht beidh cead ag an bpobal ceachtar den dá theanga oifigiúil a úsáid agus beidh seirbhísí ateangaireachta ar fáil. Tógfaidh an Comhlacht Poiblí cumas labhartha Gaeilge san áireamh agus socruithe á dhéanamh acu maidir le Cathaoirligh chruinnithe poiblí nó Cathaoirligh agus foirne binse á roghnú acu.

(c) Foilseofar aon tuairisc ag éirí as cruinnithe, fiosrúcháin nó binsí fiosrúcháin faoi choimirce an Chomhlachta Poiblí i nGaeilge nó go dátheangach. Beidh an dá theanga in aon téacs dátheangach ar chomh mhéad. Beidh an leagan Gaeilge os cionn an leagan Béarla, agus, áit a mbeidh an dá théacs le chéile beidh an leagan Gaeilge ar fáil ar thaobh na láimhe clé. Beidh an dá théacs comhionann ó thaobh cruth, méid, caighdeán, soléiteacht agus suntasacht de. Más gá aon idirdhealú eile a dhéanamh beidh forlámhas ag an leagan Gaeilge.

Caighdeán Seirbhíse.

8. Beidh foirm agus stíl aon ábhar poiblí a fhoilsíonn an Comhlacht Poiblí i nGaeilge nó i mBéarla intuigthe, soléite agus éasca le freagairt.

An Ghaeltacht

9. Tá sainriachtanais ag pobal na Gaeltachta de bharr go bhfuil siad ag feidhmiú trí theanga neamhfhorleathan, cé gur í an príomhtheanga Náisiúnta í, atá faoi shíor bhrú ag an dara teanga oifigiúil, ceann de na teangacha is cumhachtaí sa domhan. Beartóidh an Comhlacht Poiblí gach seirbhís a bhaineann leis an nGaeltacht a sholáthar sa gnáth-chúrsa trí mheán na Gaeilge amháin. Is é sin a rá gur cóir don Chomhlacht Poiblí an Ghaeilge a úsáid, mar ghnás iompar teanga, leis an bpobal sa Ghaeltacht agus san áit ina bhfuil sí ag plé cúrsaí Gaeilge go bhfuil an Comhlacht Poiblí sainfhreagrach as.

Tríú Páirtithe

10.1. Beidh téarmaí na scéime seo mar choinníoll dóibh siúd atá ag obair thar ceann na Comhlachta Poiblí faoi chonradh nó mar fho-chuideachtaí.

10.2. Comhlíonfaidh aon chomhaontú nó socrú idir an Comhlacht Poiblí agus tríú páirtí téarmaí na scéime seo - aon seirbhís a dháiltear amach ar chonradh san áireamh. Beidh ar chonraitheoir monatóireacht a dhéanamh ar aon soláthar seirbhíse don Chomhlacht Poiblí de réir na scéime. As seo amach beidh a leithéid de riachtanas soiléir ó cháipéisí forthairiscint.

Feidhmiú na Scéime agus na hAhta, 2003

11.1 Tá freagracht reachtúil ar an gComhlacht Poiblí maidir le feidhmiú Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

11.2. Cuirfear foireann an Chomhlachta Poiblí ar an eolas faoin Scéim agus faoi na dualgais a leagann sé uirthi. Beidh an Scéim ar fáil go poiblí ar shuíomh idirlín an Chomhlachta Poiblí agus beidh leagan crua ar fáil freisin. Cuirfidh An Comhlacht Poiblí in iúl don phobal ar bhonn forleathan go bhfuil an scéim aontaithe leis an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus tabharfaidh siad cuireadh don phobal leas a bhaint aisti.

11.3. Bunófar rannóg ar leith sa Chomhlacht Poiblí chun monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeán na seirbhíse i nGaeilge nó go dátheangach atá ar fáil de réir na scéime.

Focal Scoir

Ní féidir le Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge dóthain béime a chur ar an riachtanas go gcuirfidh an Comhlacht Poiblí seirbhís ar fáil don phobal le dea-thoil. Tá sé fíor thábhachtach go gcuirfí an pobal ar an eolas go rialta faoi na seirbhísí céanna.

**Aighneacht do Roinn an Taoisigh, alt 11 d'Acht na
dTeangacha Oifigiúla 2003**

Chonradh na Gaeilge
6 Sráid Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2

Réamhrá:

Is iad príomhdhualgais Roinn an Taoisigh ná a chinntiú go bhfuil an Rialtas ag feidhmiú go héifeachtach agus go bhfuil polasaithe an Rialtais á gcur i bhfeidhm i gceart. Chomh maith leis sin, tá sé de dhualgas ag an Roinn seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil don Taoiseach, do Phríomh-Aoire an Stáit agus don Aire Stáit um Ghnóthaí Eorpacha.

Is iad príomhthosaíochtaí na Roinne, mar atá leagtha amach i Ráiteas Straitéiseach 2003-2005 a chuir an Roinn ar fáil, ná:

- Tuisceart Éireann
- Gnóthaí Eorpacha agus Idirnáisiúnta
- Polasaí Eacnamaíochta agus Sóisialta
- Comhpháirtíocht Shóisialta
- Nuachóiriú Seirbhísí Poiblí
- An tSochaí Faisnéise agus Ríomhsheirbhísí Rialtais.

Is gá go mbeadh an pobal in ann gnó a dhéanamh trí Ghaeilge le gach gné de Roinn an Taoisigh.

Eolas:

Is gá go mbeadh eolas faoi chúlra, sheirbhísí reatha, phleananna agus gach cineál eolais eile ar fáil go dátheangach i dtaca le Roinn an Taoisigh. Gach ábhar a chur ar fáil go dátheangach, ina n-áirítear, bileoga eolais, paimfléid, foirmeacha, tuarascálacha bliantúla, cuntais agus gach eolas eile a chuirtear ar fáil trí na meáin chlóite, an raidió, an teilifís agus na meáin leictreonacha. An t-eolas seo a bheith ar fáil go comhuaineach agus gan gá le haon obair bhreise a dhéanamh thar mar a bheadh i gceist chun teacht ar an eolas i mBéarla.

Spríoc: Roimh dheireadh na chéad bhliana den Scéim

Comhfhreagras:

Go mbeidh comhfhreagras iomlán ar fáil i nGaeilge más é sin rogha an tsaoránaigh. Clúdaíonn an téarma comhfhreagrais gach teagmháil idir an saoránach agus an Roinn, litreacha, ríomhphoist, gutháin srl. Go ndéanfar é seo ar bhealach nach gcuirfidh moill ar ghnó an tsaoránaigh nó nach gcuirfidh as don leibhéal seirbhíse a chuirtear ar fáil.

Spríoc: Roimh dheireadh na chéad bhliana den Scéim

Córas Gutháin:

Tá an-tábhacht leis an gcóras gutháin mar gurb í seo an chéad phointe teagmhála go hiondúil a bhíonn ag an saoránach le Roinn an Taoisigh. Tá sé riachtanach go dtuigfeadh an té atá ag gaoch go bhfuil fáilte roimh an nGaeilge agus go mbeidh seirbhís éifeachtach ar fáil trí Ghaeilge.

Caithfidh córas a bheith ann chun plé le fiosrúcháin ghutháin i nGaeilge chun a chinntiú go mbeidh seirbhís ar fáil láithreach don té a chuireann gaoch ar aon uimhir ghutháin de chuid na Roinne. D'fhéadfaí leas a bhaint as uimhir ghutháin faoi leith i gcás fhiosrúcháin Ghaeilge mar shampla.

Ba chóir a chinntiú:

Go dtabharfaí an leagan Gaeilge den ainm nuair a fhreagraítear an guthán.

Mar shampla :

‘Dia dhuit, Roinn an Taoisigh, an féidir liom cabhrú leat?

Go mbeadh sé ar chumas an té atá ag freagairt an ghutháin plé le fiosruithe i nGaeilge agus na glaochanna a sheoladh ar aghaidh chuig an mball foirne cuí.

Más córas uathoibríoch atá in úsáid go mbeadh sé seo ar fáil go dátheangach agus nach mbeadh sé socraithe i mbealach a mbeadh teachtaireacht i mBéarla ar dtús agus gur gá fanacht go dtí an deireadh ar fad don teachtaireacht Ghaeilge.

I gcás córas uathoibríoch is féidir tús a chur leis an teachtaireacht mar seo a leanas:

‘Dia dhuit, Roinn an Taoisigh, Department of the Taoiseach’ Brú a haon má tá seirbhís Ghaeilge uait, nó, press two for this service in English’’.

Tá sé fíorthábhachtach go leanfaí leis an dá leagan den tseirbhís.

Sprioc: _____ **Tús na Scéime**

Ríomhphost:

Ba chóir a chinntiú go mbíonn seirbhís ríomhphoist ar fáil i nGaeilge mar chuid den ghnáthchomhfhreagras agus freisin go mbeadh leagan dátheangach ar fáil d’aon teachtaireacht uathoibríoch a mbainfear úsáid aisti mar chuid den chóras. Ba chóir go mbeadh an seoladh r-phoist i nGaeilge agus i mBéarla.

Mar shampla, d’fhéadfaí info@antaoiseach.ie agus olas@antaoiseach.ie a úsáid. Is féidir na seoltaí a cheangailt agus beidh an dá leagan in ann teacht isteach ag an seoladh amháin.

Sprioc: _____ **Tús na Scéime**

Suíomh Idirlín:

An suíomh a bheith dátheangach go hiomlán. I láthair na huaire tá an suíomh go hiomlán dátheangach ach amháin an mhír faoin ‘Nuacht is Deanaí’ ar leathanach baile an tsuímh. Ba cheart don Roinn a chinntiú go leanfar leis an dea-nós sin agus go gcuirfear an mhír sin faoin ‘Nuacht is Déanaí’ ar an leathanach baile amach anseo.

Sprioc: Tús na Scéime

Córas Ríomhaireachta:

Ba chóir a chinntiú go mbíonn an córas ríomhaireachta ábalta déileáil le húsáid na Gaeilge. Go háirithe na síntí fada. Ba chóir ‘Gaelspell’, ‘Gléacht’ nó córas ar bith eile chun litriú Gaeilge a cheartú a bheith mar chuid den phacáiste ríomhaireachta atá in úsáid i Roinn an Taoisigh, díreach mar atá sa Bhéarla.

Sprioc: Roimh dheireadh na dara bliana

Foireann:

1. Go gcuirfí eolas ar fáil don phobal faoin bhfoireann atá ábalta seirbhís a chur ar fáil i nGaeilge agus go n-eagrófaí córas cinnte chun teagmháil a dhéanamh leis na baill fhoirne seo agus chun a léiriú cén réimse seirbhíse atá siad in ann a chur ar fáil.

Go gcuirfear feachtais agus seimineáir eolais ar bun chun na dualgais nua faoin Acht Teanga agus Scéim na Gaeilge a mhíniú don fhoireann ar fad.

Sprioc: Tús na Scéime

2. Go gcuirfí córas oiliúna ar fáil chun a chur ar chumas an chuid eile den fhoireann caighdeán Gaeilge a bhaint amach a chuirfeadh ar a gcumas seirbhís i nGaeilge a chur ar fáil ar a gcompond féin agus ar chompond an chustaiméara.

Go mbeadh sé seo déanta ag leibhéal a mbeadh seirbhís i nGaeilge ar fáil gan stró ag clúdach gach réimse d’obair na Roinne.

Sprioc: Roimh dheireadh na chéad bhliana den Scéim

3. Go gcuirfí cumas Gaeilge san áireamh agus foireann á earcú feasta.

Sprioc: Tús na Scéime

Ginearálta: Ní bheidh sé inghlactha go mbeadh ar na baill fhoirne a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu plé le gach éileamh ar sheirbhísí i nGaeilge, cuma cén

rannóg lena bhfuil siad ag obair. Níl sé seo cothrom don bhall foirne agus ní bheidh an réimse eolais acu chun seirbhís chuí a chur ar fáil don saoránach.

Soláthar Seirbhísí:

Go mbeidh deis ag an saoránach seirbhísí iomlán na hOifige a fháil trí mheán na Gaeilge, ó eolas faoi na seirbhísí a fháil, comhfhreagras trí Ghaeilge, agus ansin plé díreach leis an bhfoireann trí mheán na Gaeilge.

Go mbeadh an tseirbhís seo a leanas go háirithe a chur ar fáil.

Oifigí: Foireann ar fáil i ngach oifig chun seirbhís a chur ar fáil i nGaeilge.

Nósmhaireacht bunaithe chun an rogha teanga atá ar fáil a chur in iúl don phobal.

Córas eagraithe chun a chinntiú nach gcuirfí moill ar leith ar an té atá ag lorg seirbhíse i nGaeilge.

Sprioc: Roimh dheireadh dhara bliain na Scéime

Plé leis an bPobal:

Foireann: Foireann a chur ar fáil atá lánchumasach sa Ghaeilge chun plé le pobail nó le daoine aonair ar mian leo seirbhís i nGaeilge a fháil. Eolas ar sheirbhís mar sin a phoibliú go forleathan.

Ócáidí: Aon chúrsa, seirbhís phoiblí, seimineár nó aon ócáid eolais a bhíonn ar siúl a eagrú go dátheangach, nó i nGaeilge amháin más

ceantar Gaeltachta atá i gceist.

Sprioc: Deireadh na chéad bhliana

An Ghaeltacht

Gur i nGaeilge amháin a bheidh foireann Roinn an Taoisigh ag plé le gach gnó sa Ghaeltacht agus go dtabharfar tús áite don Ghaeltacht maidir le soláthar seirbhísí i nGaeilge.

Sprioc: Tús na Scéime

Ceantair ina bhfuil leibhéal ard cainteoirí Gaeilge agus Gaelscoileanna

In áit a bhfuil eolas ar fáil faoi leibhéal ard cainteoirí Gaeilge a bheith ina gcónaí inti agus/nó a bhfuil Gaelscoil sa cheantar, go dtabharfar aird faoi leith do sholáthar seirbhísí i nGaeilge.

Sprioc: Tús na Scéime

Oifigí / Foirgnimh:

Go ndéanfaí soiléir trí chomharthaí, dhearcadh foirne, bheannachtaí agus trí chóras gutháin 'srl. go bhfuil fáilte roimh úsáid na Gaeilge agus go mbeidh seirbhís i nGaeilge ar fáil a bheidh ar chomhchaighdeán le seirbhísí i mBéarla.

Sprioc: Tús na Scéime, agus ag cur leis de réir mar a chuirtear le leibhéal na seirbhíse a chuirfear ar fáil i nGaeilge

Ócáidí Poiblí:

Go ndéanfar cinnte go mbeidh gach ócáid phoiblí atá á reáchtáil - dátheangach, idir chomharthaí agus cur i láthair, óráidí san áireamh. Mholfainn úsáid a bhaint as córas aistriúcháin comhuaineach i gcásanna mar sin.

Sprioc: Tús na Scéime

Freagracht:

Go mbunófaí córas freagrachta chun soláthar na seirbhísí i nGaeilge a chinntiú agus go mbeidh dualgais chinnte ag leibhéal riaracháin éagsúla chun é seo a bhaint amach. Go mbeidh na daoine atá roghnaithe chun an córas freagrachta a fheidhmiú i gceannas chomh maith ar an bhfeachtas eolais chun na dualgais nua faoin Acht Teanga agus Scéim na Gaeilge a mhíniú don fhoireann ar fad.

Spríoc: Tús na Scéime

Submission from
Councillor Joe Conway
44 Roselawn, Tramore,
Co. Waterford.
Ph: 051/386945

A chara,

In view of the costs of translations of Official Documents, I would propose:

Advertising nationally for a cohort of Official Translators

Establishing a body to accredit the competency of such Translators

Such Translators to be graded somewhat like this: Grade 1 for Low-Complexity Translation;

Grade 2 for Middle Order Complexity; Grade 3 for complex Legal/Technical Work

Translators to be paid in line with above scheme

A register to be kept on the geographical base and incidence of Translators, to be published in the Annual Report of An Roinn Gaeltachta.

All the above procedures to be carried out directly by Government or by Government through Public Tender.

P.S. I appreciate that I am past the deadline for submissions. I hope you will nevertheless countenance the late arrival. All good wishes. J.C.

Aighneacht ó
Máire Ní Laoire

**13 Grange Vale, Pinecroft,
Dúglas,
Corcaigh
Fón: (021 4363682)**

Maidir le: Aighneacht do Roinn an Taoisigh

A chara,

Ba chóir go mbeadh na nithe seo a leanas i scéim Roinn an Taoisigh:

- Go léireofaí meas don dá theanga oifigiúil
- Seirbhís ardchaighdeán don chustaiméir tríd an dá theanga oifigiúil
- Pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta a aithint mar chustaiméirí
- Saor rogha teanga ar fáil don chustaiméir
- Seirbhís trí Ghaeilge ar fáil go fáilteach agus gan deacracht
- Foireann atá ábalta gnó a dhéanamh trí Ghaeilge agus oiliúint ar fáil dóibh go leanúnach

ÁBHAR SCRÍOFA: Foirmeacha coiteanna, doiciméid phoiblí, tuairiscí a bheith ar fáil go comhuaineach agus dátheangach

COMHFHREAGRAS: Beannú, teachtaireacht fóin/leictreonach a bheith dátheangach ionas go mbeidh deis ag pobal na Gaeilge an Ghaeilge a roghnú go saoráidedach

STÁISEANÓIREACHT: Dátheangach - an Ghaeilge agus an Béarla ar chomhchéim

CUMARSÁID LEICTREONACH: Suíomh greasáin agus comhfhreagras leictreonach dátheangach agus rogha soiléir ar oscailt an tsuímh

CRUINNITHE POIBLÍ: Trí Ghaeilge sa Gaeltacht, córas ateangaireacht comhuaineach más gá. Sa Ghalltacht: urram a léiriú don chéad teanga oifigiúil trí oscailt agus clamhsúr a bheith dátheangach ar a laghad

AN GHAELTACHT: Gach seirbhís a bhaineann leis an nGaeltacht trí Ghaeilge

TRÍÚ PÁIRTITHE: Beidh téarmaí na scéime mar choinníol dóibh siúd atá ag obair thar cheann an Chomhlacht Poiblí agus aon seirbhís a dáiltear amach ar conradh san áireamh

PLEANÁIL: Dátheangach

FEIDHMIÚ NA SCÉIME: Cuirfear an fhoireann ar an eolas faoin scéim agus faoi na dualgaisí a leagan sé ar an gComhlacht Poiblí. Cuirfear an pobal ar an eolas go bhfuil scéim aontaithe i bhfeidhm

Is mise, le mórmheas,

Máire Ní Laoire

(IARUACHTARÁN, Comhar na Múinteoirí Gaeilge)

Aighneacht do Roinn an Taoisigh, alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Aighneacht ó: **Ciarraí Beo Teoranta** Lána na Faiche, Trá Lí.

Réamhrá:

Is iad príomhdhualgais Roinn an Taoisigh ná a chinntiú go bhfuil an Rialtas ag feidhmiú go héifeachtach agus go bhfuil polasaithe an Rialtais á gcur i bhfeidhm i gceart. Chomh maith leis sin, tá sé de dhualgas ag an Roinn seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil don Taoiseach, do Phríomh-Aoire an Stáit agus don Aire Stáit um Ghnóthaí Eorpacha.

Is iad príomhthosaíochtaí na Roinne, mar atá leagtha amach i Ráiteas Straitéiseach 2003-2005 a chuir an Roinn ar fáil, ná:

- Tuaisceart Éireann
- Gnóthaí Eorpacha agus Idirnáisiúnta
- Polasaí Eacnamaíochta agus Sóisialta
- Comhpháirtíocht Shóisialta
- Nuachóiriú Seirbhísí Poiblí
- An tSochaí Faisnéise agus Ríomhsheirbhísí Rialtais.

Is gá go mbeadh an pobal in ann gnó a dhéanamh trí Ghaeilge le gach gné de Roinn an Taoisigh.

Eolas:

Is gá go mbeadh eolas faoi chúlra, sheirbhísí reatha, phleananna agus gach cineál eolais eile ar fáil go dátheangach i dtaca le Roinn an Taoisigh. Gach ábhar a chur ar fáil go dátheangach, ina n-áirítear, bileoga eolais, paimfléid, foirmeacha, tuarascálacha bliantúla, cuntais agus gach eolas eile a chuirtear ar fáil trí na meáin chlóite, an raidió, an teilifís agus na meáin leictreonacha. An t-eolas seo a bheith ar fáil go comhuaineach agus gan gá le haon obair bhreise a dhéanamh thar mar a bheadh i gceist chun teacht ar an eolas i mBéarla.

Sprioc: Roimh dheireadh na chéad bhliana den Scéim

Comhfhreagras:

Go mbeidh comhfhreagras iomlán ar fáil i nGaeilge más é sin rogha an tsaoránaigh. Clúdaíonn an téarma comhfhreagrais gach teagmháil idir an saoránach agus an Roinn, litreacha, ríomhphoist, gutháin srl.

Go ndéanfar é seo ar bhealach nach gcuirfidh moill ar ghnó an tsaoránaigh nó nach gcuirfidh as don leibhéal seirbhíse a chuirtear ar fáil.

Sprioc: Roimh dheireadh na chéad bhliana den Scéim

Córas Gutháin:

Tá an-tábhacht leis an gcóras gutháin mar gurb í seo an chéad phointe teagmhála go hiondúil a bhíonn ag an saoránach le Roinn an Taoisigh. Tá sé riachtanach go dtuigfeadh an té atá ag gaoch go bhfuil fáilte roimh an nGaeilge agus go mbeidh seirbhís éifeachtach ar fáil trí Ghaeilge.

Caithfidh córas a bheith ann chun plé le fiosrúcháin ghutháin i nGaeilge chun a chinntiú go mbeidh seirbhís ar fáil láithreach don té a chuireann gaoch ar aon uimhir ghutháin de chuid na Roinne. D'fhéadfaí leas a bhaint as uimhir ghutháin faoi leith i gcás fhiosrúcháin Ghaeilge mar shampla.

Ba chóir a chinntiú:

Go dtabharfaí an leagan Gaeilge den ainm nuair a fhreagraítear an guthán.

Mar shampla :

'Dia dhuit, Roinn an Taoisigh, an féidir liom cabhrú leat?

Go mbeadh sé ar chumas an té atá ag freagairt an ghutháin plé le fiosruithe i nGaeilge agus na gaochanna a sheoladh ar aghaidh chuig an mball foirne cuí.

Más córas uathoibríoch atá in úsáid go mbeadh sé seo ar fáil go dátheangach agus nach mbeadh sé socraithe i mbealach a mbeadh teachtaireacht i mBéarla

ar dtús agus gur gá fanacht go dtí an deireadh ar fad don teachtaireacht Ghaeilge.

I gcás córas uathoibríoch is féidir tús a chur leis an teachtaireacht mar seo a leanas:

‘Dia dhuit, Roinn an Taoisigh, Department of the Taoiseach’ Brú a haon má tá seirbhís Ghaeilge uait, nó, press two for this service in English’’.

Tá sé fíorthábhachtach go leanfaí leis an dá leagan den tseirbhís.

Sprioc: **Tús na Scéime**

Ríomhphost:

Ba chóir a chinntiú go mbíonn seirbhís ríomhphoist ar fáil i nGaeilge mar chuid den ghnáthchomhfhreagras agus freisin go mbeadh leagan dátheangach ar fáil d’aon teachtaireacht uathoibríoch a mbainfear úsáid aisti mar chuid den chóras. Ba chóir go mbeadh an seoladh r-phoist i nGaeilge agus i mBéarla.

Mar shampla, d’fhéadfaí info@antaioseach.ie agus olas@antaioseach.ie a úsáid. Is féidir na seoltaí a cheangailt agus beidh an dá leagan in ann teacht isteach ag an seoladh amháin.

Sprioc: **Tús na Scéime**

Suíomh Idirlín:

An suíomh a bheith dátheangach go hiomlán. I láthair na huaire tá an suíomh go hiomlán dátheangach ach amháin an mhír faoin ‘Nuacht is Deanaí’ ar leathanach baile an tsuímh. Ba cheart don Roinn a chinntiú go leanfar leis an dea-nós sin agus go gcuirfear an mhír sin faoin ‘Nuacht is Déanaí’ ar an leathanach baile amach anseo.

Sprioc: **Tús na Scéime**

Córas Ríomhaireachta:

Ba chóir a chinntiú go mbíonn an córas ríomhaireachta ábalta déileáil le húsáid na Gaeilge. Go háirithe na sintí fada. Ba chóir ‘Gaelspell’, ‘Gléacht’ nó córas ar bith eile chun litriú Gaeilge a cheartú a bheith mar chuid den

phacáiste ríomhaireachta atá in úsáid i Roinn an Taoisigh, díreach mar atá sa Bhéarla.

Sprioc: Roimh dheireadh na dara bliana

Foireann:

1. Go gcuirfí eolas ar fáil don phobal faoin bhfoireann atá ábalta seirbhís a chur ar fáil i nGaeilge agus go n-eagrófaí córas cinnte chun teagmháil a dhéanamh leis na baill fhoirne seo agus chun a léiriú cén réimse seirbhíse atá siad in ann a chur ar fáil. Go gcuirfear feachtais agus seimineáir eolais ar bun chun na dualgais nua faoin Acht Teanga agus Scéim na Gaeilge a mhíniú don fhoireann ar fad.

Sprioc: Tús na Scéime

2. Go gcuirfí córas oiliúna ar fáil chun a chur ar chumas an chuid eile den fhoireann caighdeán Gaeilge a bhaint amach a chuirfeadh ar a gcumas seirbhís i nGaeilge a chur ar fáil ar a gcompond féin agus ar chompond an chustaiméara. Go mbeadh sé seo déanta ag leibhéal a mbeadh seirbhís i nGaeilge ar fáil gan stró ag clúdach gach réimse d'obair na Roinne.

Sprioc: Roimh dheireadh na chéad bhliana den Scéim

3. Go gcuirfí cumas Gaeilge san áireamh agus foireann á earcú feasta.

Sprioc: Tús na Scéime

Ginearálta: Ní bheidh sé inghlactha go mbeadh ar na baill fhoirne a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu plé le gach éileamh ar sheirbhísí i nGaeilge, cuma cén rannóg lena bhfuil siad ag obair. Níl sé seo cothrom don bhall foirne agus ní bheidh an réimse eolais acu chun seirbhís chuí a chur ar fáil don saoránach.

Soláthar Seirbhísí:

Go mbeidh deis ag an saoránach seirbhísí iomlán na hOifige a fháil trí mheán na Gaeilge, ó eolas faoi na seirbhísí a fháil, comhfhreagras trí Ghaeilge, agus ansin plé díreach leis an bhfoireann trí mheán na Gaeilge.

Go mbeadh an tseirbhís seo a leanas go háirithe a chur ar fáil.

Oifigí: Foireann ar fáil i ngach oifig chun seirbhís a chur ar fáil i nGaeilge.

Nósmhaireacht bunaithe chun an rogha teanga atá ar fáil a chur in iúl don phobal.

Córas eagraithe chun a chinntiú nach gcuirfí moill ar leith ar an té atá ag lorg seirbhíse i nGaeilge.

Sprioc: **Roimh dheireadh dhara bliain na Scéime**

Plé leis an bPobal:

Foireann: Foireann a chur ar fáil atá lánchumasach sa Ghaeilge chun plé le pobail nó le daoine aonair ar mian leo seirbhís i nGaeilge a fháil.

Eolas ar sheirbhís mar sin a phoibliú go forleathan.

Ócáidí: Aon chúrsa, seirbhís phoiblí, seimineár nó aon ócáid eolais a bhíonn ar siúl a eagrú go dátheangach, nó i nGaeilge amháin más

ceantar Gaeltachta atá i gceist.

Sprioc: **Deireadh na chéad bhliana**

An Ghaeltacht

Gur i nGaeilge amháin a bheidh foireann Roinn an Taoisigh ag plé le gach gnó sa Ghaeltacht agus go dtabharfar tús áite don Ghaeltacht maidir le soláthar seirbhísí i nGaeilge.

Sprioc: **Tús na Scéime**

Ceantair ina bhfuil leibhéal ard cainteoirí Gaeilge agus Gaelscoileanna

In áit a bhfuil eolas ar fáil faoi leibhéal ard cainteoirí Gaeilge a bheith ina gcónaí inti agus/nó a bhfuil Gaelscoil sa cheantar, go dtabharfar aird faoi leith do sholáthar seirbhísí i nGaeilge.

Sprioc: Tús na Scéime

Oifigí / Foirgnimh:

Go ndéanfaí soiléir trí chomharthaí, dhearcadh foirne, bheannachtaí agus trí chóras gutháin 'srl. go bhfuil fáilte roimh úsáid na Gaeilge agus go mbeidh seirbhís i nGaeilge ar fáil a bheidh ar chomhchaighdeán le seirbhísí i mBéarla.

Sprioc: Tús na Scéime, agus ag cur leis de réir mar a chuirtear le leibhéal na seirbhíse a chuirfear ar fáil i nGaeilge

Ócáidí Poiblí:

Go ndéanfar cinnte go mbeidh gach ócáid phoiblí atá á reáchtáil - dátheangach, idir chomharthaí agus cur i láthair, óráidí san áireamh. Mholfainn úsáid a bhaint as córas aistriúcháin comhuaineach i gcásanna mar sin.

Sprioc: Tús na Scéime

Freagracht:

Go mbunófaí córas freagrachta chun soláthar na seirbhísí i nGaeilge a chinntiú agus go mbeidh dualgais chinnte ag leibhéil riaracháin éagsúla chun é seo a bhaint amach. Go mbeidh na daoine atá roghnaithe chun an córas freagrachta a fheidhmiú i gceannas chomh maith ar an bhfeachtas eolais chun na dualgais nua faoin Acht Teanga agus Scéim na Gaeilge a mhíniú don fhoireann ar fad.

Sprioc: Tús na Scéime

Aighneacht ó

Fios Feasa

faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla

Fios Feasa

Is comhlacht ríomhaireachta Fios Feasa lonnaithe i nGaeltacht Chorca Dhuibhne. Bunaíodh an comhlacht sa bhliain 1997. Tá seacht gcinn de CD-ROManna oideachasúla foilsithe againn, as Gaeilge nó go dátheangach. Tá suímh ghréasáin deartha againn; tá pacáistí “touch-screen” cruthaithe againn do mhúsaeim; agus tá córais database le comhéadan Gaelach deartha againn. Cuirimid traenáil ar fáil as Gaeilge i réimsí éagsúla den ríomhaireacht; soláthraíonn Fios Feasa an léachtóir don chúrsa i bhfoilsitheoireacht na n-ilmheán i bhFIONTAR, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Ón uair go mbaineann láimhseáil téacs go dlúth lenár gcuid oibre, is minic a lorgaítear orainn aistriúchán a dhéanamh chomh maith, agus tá breis is céad míle focal aistrithe againn le cúpla bliain anuas.

Réamhrá

Is iontach an deis é Acht na dTeangacha Oifigiúla chun fód ceart a chur faoi sholáthar seirbhísí an stáit do lucht labhartha na Gaeilge. Ina ainneoin sin, is mór an baol atá ann chomh maith go ndéanfaí iomallú a thuilleadh ar chainteoirí na teangan, mara soláthrófar na seirbhísí seo i slí go mbeidís ábalta agus sásta úsáid a bhaint astu. Mara ndéanfar i gceart anois é, is lú ná riamh an seans go ndéanfaí feasta é, mar beidh sé le maíomh go bhfuil sé á dhéanamh cheana, go hoifigiúil pé scéal é. Tá sé rí-thábhachtach mar sin go mbeadh polasaithe éifeachtúla ag comhlachtaí poiblí chun seirbhísí a sholáthar go hoiriúnach do chustaiméirí a labhrann an Ghaeilge, agus go mbeidís pro-active á gcur i gcrích.

Soláthar vs. Éileamh

Maoitear go minic gur faoi lucht labhartha na Gaeilge atá sé na seirbhísí seo a *éileamh*. Ach ní féidir bheith ag súil lena leithéid, mar atá léirithe ag Seosamh Mac Donnacha, UCG, i bpáipéar a sríobh sé mar gheall ar an gcaidreamh idir chainteoirí Gaeilge agus an stát. Tá an páipéar ar fáil ar an ngréasán (faoi láthair, ach go háirithe) ag <http://www.linguapax.org/congres/taller/taller4/MacDonnacha.html>, agus dob fhiú d'éinne bainteach le cur i gcrích Acht na dTeangacha an t-alt gairid seo as Béarla a léamh. Pléann sé go soiléir roinnt na cumhachta idir an gnáth-shaoránach agus seirbhísigh de chuid an stáit:

Irish speakers, both within the Gaeltacht and elsewhere, are predisposed to using English in their dealings with the vast majority of public sector organisations because their definition of reality is that these are organisations that normally function through the medium of English ... In addition the power differential between the client and the public servant

means that it is normally the public servant rather than the client who determines what language will be used...

Even in situations where they would prefer to access services through the medium of Irish, the fact that they are dependent on the public servant/organisation suggests that they are unlikely to demand such services in Irish because of the risk, whether perceived or real, that this might result in antagonising the public servant...

To suggest that Irish speakers should ‘demand’ services through the medium of Irish ... is in effect to say that:

- (a) Irish speaking clients can overcome the ‘default’ languages set by public sector organisations.
- (b) That the organisations in question have a realistic alternative to their ‘default’ language.
- (c) That the power-differential between Irish speaking clients and public servants can be changed such that it is the client rather than the public servant who determines the language used in the transaction.
- (d) That Irish-speaking clients should give priority to their use of Irish over their need to gain access to the services, assistance, information etc. provided by public sector organisations.

Go praiticiúil, ní féidir a bheith ag súil go dtarlódh (a) ná (c) ná (d). Ach is féidir a bheith ag súil leis an “realistic alternative” a luaitear faoi (b): go soláthródh comhlachtaí poiblí a gcuid seirbhísí go praiticiúil as teanga seachas a ngnáth-theanga. Chun go n-éireodh leis an Acht, caithfear seirbhísí a sholáthar as Gaeilge i slí nach bhfuil ag brath ar (d), is é sin le rá, nach gcaithfeadh cliaintí Gaelacha an tosach a thabhairt d’úsáid na teangan roimh theacht ar sheirbhísí ar ard-chaighdeán.

Tá roinnt phointí á mholadh anso, ach tá siad go léir dírithe ar an sprioc céanna: cur chuige pro-active ag soláthar seirbhísí do lucht labhartha na teangan i slí éifeachtúil. Is iad so na hábhair a phléitear ar leithrigh:

Custaiméirí
“Access”
An sprioc a aithint
Teanga is féidir a thuiscint
Praiticiúil ach dáiríribh
Pearsanra
Cur chuige bunaithe ar rannóga ar leith
Bainistíocht laistiar de
Foirmeacha priontáilte
Website
Measúnacht

Custaiméirí

Ó tugadh isteach an dá phrionsabal déag de Sheirbhís ar Ard-chaighdeán do Chustaiméirí i 1997, moltar go láidir don státseirbhís trí chéile cuimhneamh ar a gcuid cliaintí mar chustaiméirí, agus féachaint chuige go mbeadh na custaiméirí sin sásta leis an seirbhís a cuirtear ar fáil dóibh. Is féidir an cur chuige céanna a chur i

bhfeidhm i gcúrsaí teangan. Is custaiméirí iad lucht labhartha na Gaeilge, agus is sásta a bheidh siad má cuirtear na seirbhísí ar fáil dóibh, mar chustaiméirí, as a dteanga féin. Ba cheart a rá, ar an dtaobh eile den scéal, gur léirigh an tOmbudsman amhras áirithe faoin gcur chuige seo an chustaiméara ina thuairisc bhliantúil sa bhliain chéanna. Mheabhraigh an tOmbudsman go bhfuil difríocht idir saoránaigh ag deighleáil leis an stát agus custaiméirí ag deighleáil le comhlachtaí trádála, sa mhéid is go bhfuil cearta ar leithrigh ag saoránaigh agus dualgaisí dá réir ar stáitsheirbhísigh. Ní lagaíonn sé sin seasamh chainteoirí na Gaeilge, áfach, ach is amhlaidh a threisíonn sé é.

“Access”

Chun go mbeadh teacht ag custaiméirí ar sheirbhísí i slí sásúil, caithfear iad a chur ar fáil i slí a oireann dóibh; ní leor go n-oirfeadh sé do na soláthraitheoirí. Má bhíonn oifig ar bharr na staighre, oireann sé sin go breá dom féin, ach tá daoine ann nach n-oirfeadh sé i n-aon chor dóibh. Oireann cáipéisí priontáilte go breá dom-sa, mar is fearr liom iad a léamh ná bheith ag éisteacht le duine á léamh pé scéal é, ach tá daoine ann nach n-oirfeadh sé dhóibh, agus ba cheart iad a chur ar fáil i slí a oireann dóibh. Má chuirtear seirbhísí ar fáil ar an ngréasán nó le fón póca, oireann sé sin do dhaoine óga, ach ní oireann sé do dhaoine críonna. Ar an gcuma chéanna, má cuirtear seirbhísí ar fáil as Béarla amháin, oireann sé sin do dhaoine áirithe, ach ní oireann sé dom-sa i n-aon chor: an Ghaeilge mo theanga-sa.

An sprioc a aithint

Níor mhór a rá amach go soiléir cé hiad na daoine go bhfuiltear ag díriú orthu, chun go mbeadh dearthóireacht na seirbhísí agus an sórt teangan a úsáidfear oiriúnach do na daoine sin. Tá claonadh ann an Ghaeilge a úsáid mar mhaisiúchán, an “cúpla focal” a úsáid mar a bheadh seamróga teangan chun a rá gur Éireannaigh sin. Má dhírítear ar *dhaoine*, seachas ar an dteanga féin, is féidir an dearmad san a sheachaint. Ón uair go bhfuiltear ag caint ar sheirbhísí an stáit, ba cheart díriú ar chainteoirí na teangan, seachas ar fhoghlaimeoirí, nó ar dhíograiseoirí. Go speisialta, níor mhór muintir na nGaeltachtaí a aithint mar ghrúpa ar leithrigh. Is annamh a bhíonn rudaí a chuirtear ar fáil as Gaeilge oiriúnach i n-aon chor dóibh, rud a threisíonn a dtuiscint go gcaithfidh siad deighleáil leis an saol lasmuigh as Béarla.

Teanga is féidir a thuiscint

Is mó rud aistrithe go Gaeilge nach dtuigfeadh Arastatal, agus dá dheascaibh sin, bíonn iachall ar lucht labhartha na Gaeilge iompó thar n-ais ar an mBéarla. Tá claonadh ann Béarla a aistriú go díreach go Gaeilge, agus nuair nach féidir é sin a dhéanamh cheal focal as Gaeilge a fhreagródh go díreach don fhocal Béarla, focal a dhéanamh suas. Tá claonadh chomh maith ann an Ghaeilge oifigiúil a mhúnlú ar an mBéarla, le focail chomhshuite ar nós “breithlá” i n-ionad “lá breithe”, nó le húsáid an ailt ar lorg an Bhéarla ar nós “An Roinn Oideachais” i n-ionad “Roinn an Oideachais”. Is léir nach n-éireodh lena leithéid de chur chuige, dá chomónta é. Faraoir géar, tá samplaí breátha de le feiscint sna fógraí faoin Acht féin, ag lorg moltaí agus tuairimí ar lucht labhartha na teangan. Úsáidtear focail ar nós “aighneachtaí”, “páirtithe leasmhara”, “inmhianaithe”, agus “seachadadh” chun aistriúchán a dhéanamh ar “submissions”, “interested parties”, “ideally”, agus “forward”. Tá a fhios agam go dtagann na leagnacha san ó threoracha Roinn na Gaeltachta féin, ach cé go mbeidís oiriúnach istigh sa Roinn, is ar éigean a thuigfeadh gnáth-chainteoir iad. Chaithfí ceann a thógaint de na hathraithe a dhéantar ar na fógraí

seo nuair a léitear amach ar Raidió na Gaeltachta iad, ag úsáid focail ar nós “tuairimí agus moltaí”, “daoine go bhfuil suim acu ann”, “níor mhór / theastódh sé”, agus “cur / scríobh”. Úsáidtear cur chuige foclach (“daoine go bhfuil suim acu ann” vs. “páirtithe leasmhara”) agus teanga simplí (“má tá aon tuairimí agat féin”) ar mhaithe le tuiscint, agus níor mhór an cur chuige céanna a úsáid i soláthar na seirbhísí má tá lucht labhartha na teangan chun úsáid a bhaint astu.

Praiticiúil ach dáiríribh

Ní haon mhaitheas do chomhlachtaí poiblí ligint orthu go mbeidh a gcuid seirbhísí go léir á gcur ar fáil as Gaeilge go huile agus go hiomlán ar an leibhéal céanna leis an mBéarla faoi cheann cúpla bliain, ná go mbeidh gach aon duine a oibríonn ann ábalta deighleáil le custaiméirí as Gaeilge ar an leibhéal céanna agus a dhéanann siad as Béarla. Ní tharlóidh sé sin, sa ghearrthéarma ach go háirithe, ná níl aon tsúil ag gnáth-chainteoirí na Gaeilge lena leithéid ach an oiread. Ach is féidir seirbhísí áirithe a sholáthar as Gaeilge ar chaighdeán ard, agus a fhios a bheith ag gach éinne cad iad, agus is mó an tairbhe a bheadh ansan do lucht labhartha na teangan. Mar shampla, ón uair nach mbeidh gach duine a fhreagraíonn an fón ábalta deighleáil le glaoch as Gaeilge, d’fhéadfaí uimhir ghutháin ar leithrigh a chur ar fáil chuige, nó téip i dtosach a déarfadh, “Luigh ar a haon i gcóir Gaeilge; Press two for English”, mar a dhéantar go coitianta i Meiriceá leis an Spáinnis. D’fhéadfaí aonad ar leithrigh a chur ar fáil chun deighleáil le ceisteanna as Gaeilge chomh maith. Ach ní ceart é sin a úsáid mar leathscéal gan an cúram a dhéanamh go dáiríribh i n-aon chor. Ba cheart spriocanna arda a leagan síos do na seirbhísí a roghnófar sa ghearrthéarma, spriocanna eile a roghnú don fhaidtéarma, agus gach iarracht a dhéanamh na spriocanna a bhaint amach i n-am trátha.

Pearsanra

Caithfear an scéim a dhearadh go hoiriúnach do na cliaintí, gan aon amhras. Ach caithfear é a dhearadh go hoiriúnach do na daoine a bheidh á chur i gcrích chomh maith. Bheadh suim ag aon duine daonna i ndul chun cinn, i ndualgaisí agus i ndúshláin nua, i n-aistriú ó oifig amháin go hoifig eile mar a oirfeadh dóibh, agus mar sin de. Má bhíonn aonad ar leith ann don Ghaeilge, áfach, agus gan ach cúpla duine cáilithe chun oibre ann, beidh greim istigh orthu. Ní bheidh siad ábalta dul chun cinn ná cur isteach ar phoist nua. Ní bheidh siad ábalta aistriú go dtí baile nó cathair eile dá n-oirfeadh sé sin d’athraithe ina saol pearsanta. Caithfear polasaithe pearsanra a fhorbairt chun deighleáil leis na ceisteanna so go léir d’fhonn is nach mbeadh leisce ar dhaoine tabhairt faoi phoist go mbaineann an Ghaeilge leo, agus nach mbeadh olc agus aithreachas ina dhiaidh sin orthu má thugann siad. I measc na bpolasaithe sin, níor mhór díriú chomh maith ar earcaíocht agus ar thraenáil chun cur le líon na ndaoine leis an scileanna cuí.

Cur chuige bunaithe ar rannóga ar leith

Is ar éigean is fiú d’institiúid chomh mór le Comhairle Contae nó Roinn Rialtais aon pholasáí amháin a bheith acu maidir le soláthar seirbhísí as Gaeilge: theastódh cur chuige bunaithe ar na rannóga ar leithrigh. I gComhairle Contae, mar shampla, ba cheart go mbeadh polasáí ag Roinn na Tithíochta maidir le hiarratais phleanála, agus gurb iad féin a chuirfeadh i bhfeidhm an polasáí sin mar chuid dá ngnáth-obair laethúil. Ach is polasáí eile a bheadh ag teastáil ó Roinn an Teicneolaíochta maidir leis an suíomh gréasáin agus an intranet, agus iad féin á chur i gcrích.

Bainistíocht laistiar de

Tá athraithe móra suaithinseacha i gceist leis an Acht, agus ní nach ionadh, beidh “inertia” áirithe le sárú chun é a chur i gcrích. Má bhíonn sé le feiscint go soiléir go bhfuil an bhainistíocht is airde laistiar de, is mó i bhfad an seans go gcuirfear i gcrích go héifeachtúil é. (Agus ón uair go gcaithfear é a chur i gcrích ar chuma éigin do réir dlí, tá sé chomh maith é a dhéanamh go héifeachtúil!) Dá mbeinn féin ag obair i n-aon oifig agus dá mbeadh a fhios agam gur cuma leis an mbainistíocht faoi pholasaí áirithe, ní bheadh sé ar bharr mo liosta féin agus brú oibre orm. Ach dá mbeadh a fhios agam go dtiocfaí thar n-ais chugam agus go gcaithfinn mo chuid oibre a dhéanamh arís mara mbeadh sé ag teacht leis an bpolasaí chéanna, d’fhéachfainn chuige go mbeadh sé amhlaidh an chéad uair.

Foirmeacha priontáilte

I gcás foirmeacha nó cáipéisí priontáilte, ba cheart leagan Gaelach agus leagan Béarla a chur ar fáil ag an am gcéanna i gcónaí. Pén “workflow” a bhíonn ann chun foirmeacha a chruthú, ba cheart go mbeadh dearthóireacht leagan na Gaeilge mar chuid de, sa tslí is nach mbeifí ag lorg aistriúcháin faoi bhrú mór ag an neomat deireannach. Ba cheart dea-chleachtas idirnáisiúnta a leanúint: na teangacha a scarúint ar an bhfoirm, ach gan ach leagan amháin den fhoirm a bheith ann. Le haon fhoirm amháin, ní chaithfeadh an custaiméir an leagan Gaelach a lorg go speisialta, ná bheith ag féachaint ar fhoirm as Béarla le nóta ag bun: “This form also available in Irish (but don’t bother asking for it)”. Ní chaithfeadh an t-oifigeach cuimhneamh go bhfuil a leithéid ar fáil ach an oiread. Ní chaithfeadh an comhlacht breis airgid a chaitheamh ag priontáil an dá leagan agus ag féachaint chuige go mbíonn an dá cheann istigh i gcónaí. Ach caithfear na teangacha a scarúint óna chéile (dhá thaobh den leathanach, mar shampla) chun gur féidir le gach custaiméir díriú ar a rogha féin teangan gan cur isteach ón dteanga eile. Má bhíonn an dá theanga measctha trí chéile, is bac ar léitheoireacht é sin ar dhaoine nach bhfuil acu ach an Béarla. Ach i n-ainneoin an dua a fuairfeadh ag cur isteach leagan na Gaeilge, níl aon tairbhe ann do na daoine a labhrann í, mar faoin am a chíonn siad an Ghaeilge, bíonn an téacs léite cheana as Béarla acu.

Website

Tá deiseanna iontacha sa teicneolaíocht chun cur le feabhas i soláthar seirbhísí an Stáit go ginearálta, agus is fearr ná san na deiseanna atá sa teicneolaíocht an Ghaeilge a chur ar chomhchéim agus ar chomhstádas leis an mBéarla. Chun é seo a dhéanamh i gceart, ní leor cáipéisí agus foirmeacha agus leathanaigh HTML a aistriú, caithfear athraithe bunúsacha a dhéanamh i ndearthóireacht an tsuímh chomh maith. Do réir dea-chleachtas idirnáisiúnta, ba cheart na teangacha difriúla a bheith scartha óna chéile chun go bhfeicfeadh an t-úsáideoir an t-ábhar go léir as a rogha féin teangan. Is féidir rogha theangan a phiocadh amach mar “default” i do bhrabhsálaí féin, agus suíomh a bheadh deartha go maith, léifeadh sé an rogha san i dtosach, agus chuimhneodh sé feasta air. Ina éagmais sin, caithfear rogha theangan a sholáthar, le dhá URL ar leith (www.publicbody.ie agus www.comhlachtpoibli.ie) nó le leathanach fáilte gan faic air ach rogha na dteangan. Ba cheart go mbeadh an rogha ar fáil i gcónaí chun gur féidir teanga a mhalartú mar a oireann. Má roghnaítear a mhalairt de theanga ag aon pointe sa tsuíomh, ba cheart go n-imeofaí go dtí an leagan eile den leathanach céanna, seachas leathanach fáilte nó leathanach tosaigh an tsuímh. Má bhíonn nasc ann go dtí cáipéis as an dteanga eile, ba cheart go léireofaí go n-athrófar an teanga; is faoin gcustaiméir féin ansan é cliceáil ar an nasc nó gan a dhéanamh.

Ach ba cheart cuntas a choimeád ar a bhun-rogha agus filleadh air láithreach ina dhiaidh sin.

Measúnacht

Caithfear measúnacht dáiríribh a dhéanamh ar na seirbhísí chun féachaint chuige go bhfuilid á soláthar i slí éifeachtúil. Ní leor ceist a chur ar chúpla duine ar aithne ag na hoifigigh, ná fógra a chur sa nuachtán ag lorg tuairimí. Chaithfí dul amach ag lorg daoine a labhrann an teanga agus ceisteanna díreacha a chur orthu. Má bhíonn córas ríomhaireachta ag an gcomhlacht chun cuntas a choimeád ar ghlaonna agus ar fhiosrúcháin agus ar an méid a deineadh dá mbarr, is féidir “flag” teangan a chur sa chóras céanna. Má bhíonn leagnacha difriúla den suíomh gréasáin ann, is féidir cuntas a choimeád ar chuirteanna. Ní bheadh aon chiall, áfach, le comparáid idir líon na bhfiosrúcháin as Gaeilge agus an líon as Béarla. Ba chiallmhaire meastúchán réasúnta a dhéanamh roimh ré ar an éileamh go bhféadfaí a bheith ag súil leis, bunaithe ar líon na gcainteoirí laethúla nó seachtanúla sa dúthaigh ábharach do réir an daonáirimh. D’fhéadfaí comparáid a dhéanamh idir é sin agus líon na bhfiosrúcháin a gheofaí ina dhiaidh sin.

Athchoimre

Tá dóchas mór múscailte i lucht labhartha na Gaeilge le teacht Acht na dTeangacha, dóchas go bhfuil tús curtha le ré nua ina mbeidh teacht ar sheirbhísí ón stát acu as a dteanga féin. Má bhíonn cur chuige ag na comhlachtaí poiblí dírithe go praiticiúil ar fhreastal ar chainteoirí na teangan, níl aon chúis nach féidir an dóchas san a shásamh.

Aighneacht ó **Comhluadar**

Bunaíodh an eagraíocht CHOMHLUADAR i 1993 le tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí ar mian leo Gaeilge a labhairt lena gcuid páistí.

Is rud nádúrtha é go dtógfadh thuismitheoirí a gclann sa teanga sin, teanga a bhfuil saíocht agus gaois ár sinsir le fáil inti agus a thugann féiniúlacht do mhuintir na tíre seo.

Tá an cinneadh a dhéanann thuismitheoirí an Ghaeilge a labhairt lena gclann ceangailte lena gcúlra teanga féin, lena bhféiniúlacht agus lena mian phearsanta maidir leis an sochaí is mian leo a chothú dá bpáistí.

Tá spéis ar leith ag COMHLUADAR i stádas na Gaeilge agus go háirithe sa chás go bhfuil feidhm á tabhairt don stádas sin i reachtaíocht na tíre. Fáiltíonn COMHLUADAR roimh an deis seo tuairimí a chur faoi bhur mbráid faoin ndrúchtscéim atá beartaithe agaibh.

Is guth aontaithe COMHLUADAR ar mhaithe le cearta teaghlaigh i gcás seirbhísí riachtanach poiblí.

Aithneoidh Roinn an Taoisigh a dualgas agus a ról faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus deimhneoidh sí go bhfeidhmeoidh sí go dílis de réir an Achta agus de réir an spioraid atá taobh thiar de.

Le go mbeidh an tionchar ceart ag an scéim ní mór go léireodh sé go bhfuil se i gceist seirbhís den scoth a thairiscint do phobal na Gaeilge bunaithe ar 'Sheirbhís Ardchaighdean do Chustaiméirí'.

- Beidh sé mar bhun aidhm agaibh go mothóidh an custaiméir i gcónaí go bhfuil fáilte roimhe/roimpi agus go mbeidh teacht aige/aici ar sheirbhís trí Ghaeilge gan aon mhór dua.
- Ceapfaidh sibh Oifigeach Sinsearach i ngach rannóg gníomhaíochtaí chun féachaint chuige go bhfeidhmeofar an scéim.
- Os rud é go bhfuil sibh freagrach as seirbhís a chur ar fáil i gceantair Gaeltachta chomh maith le seirbhís do phobal na Gaelge i gcoitinne beartóidh sibh caitheamh leis an nGaeilge agus an mBéarla ar bhonn comhionannais agus iad ag plé le cúrsaí lasmuigh den Ghaeltacht. Ciallaíonn an gealltanas seo go gcuirfear saor-rogha teanga ar fáil don phobal agus iad ag plé libh. Ní bheidh aon saoránach faoi mhí-bhuntaíste ar bith ag éirí as a rogha teanga oifigiúil a roghnú. De bharr cúlra éagsúil gairmiúil, tá roinnt ball foirne ins na hoifigí gan Ghaeilge. Dá bhrí sin, mar shocrú *ad interim* :
 1. Freagróidh fáilteoirí, teileafónaithe nó baill foirne an guthán go dátheangach lasmuigh den Ghaeltacht. Cuirfear clár traenála bunúsach ar fáil maidir le húsáid na Gaeilge ar an nguthán. Beidh aon teachtaireacht réamhthairseach ar ghuthán dátheangach.
 2. Beidh liosta reatha ag gach fáilteoir nó teileafónaí de dhaoine ainmnithe i ngach rannóg atá in ann ábhar na rannóige a phlé i nGaeilge.

3. Aithneoidh sibh go bhfuil Gaeilge riachtanach le seirbhís chuimsitheach a chuir ar fáil don phobal. Aithneoidh sí freisin, nuair a lorgaíonn an saoránach lasmuigh den Ghaeltacht seirbhís ón Roinn, go bhfuil sé de cheart aige/aici an teanga ina ndéantar an tseirbhís sin a sheachadadh a bheith mar an gcéanna leis an teanga ina lorgaíodh an tseirbhís ar an gcéad dul síos. Chuige seo, beartaoidh sibh nach mbeidh aon seirbhís ar fáil trí mheán an Bhéarla amháin laistigh de 5 bliana ó theacht i bhfeidhm na dréachtséime.

- Chun an sprioc seo a bhaint amach beidh polasaí cinnte agaibh maidir le hearcú, ionduchtú agus oiliúint foirne agus mar chuid de sin tógtar na céimeanna seo a leanas :-

1. Beidh an Ghaeilge mar riachtanas sainithe i gcúrsaí earcaíochta, i bpáirtíocht le Coimisinéirí na Stáit Seirbhíse as seo amach;
2. Tá ceart ag fostaithe an Ghaeilge a úsáid go himmheánach. Chuige seo, beidh athbhreithniú rialta ar riaracháin chun a chinntiú go mbeidh deis ag baill foirne ar mhaith leo nó atá toilteanach obair a dhéanamh trí mheán na Gaeilge sin a dhéanamh mar ghrúpa/aonad.
3. Cuirfear scéim inmheánach ar leith ar bun freisin ionas go mbeidh deis ag gach uile ball foirne Gaeilge a fhoghlaim.

Comhfhreagras

- Sa mbreis ar an gcleachtas san Aontas Eorpach agus an méid atá leagtha síos in Alt 9 (2) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, cinnteoidh sibh go bhfaighfidh an custaiméir freagra nó admháil ar chomhfhreagras taobh istigh d'amsála réasúnach agus cinnte ar chomhchaighdeán seirbhíse le comhfhreagras i mBéarla.
- Faoi mar atá in Alt 9 (3) den Acht beidh comhfhreagras a thionscnaíonn An Roinn i nGaeilge nó beidh ráiteas soiléir i nGaeilge ag cur in iúl don léitheoir go bhfuil fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge. Beidh comhfhreagras uaibh maidir leis an nGaeilge nó cúrsaí Gaeltachta i nGaeilge sa chéad dul síos.
- Sa chás go bhfuil a fhios agaibh gur fearr le custaiméir feidhmiú trí Ghaeilge beidh gach comhfhreagras leis an duine sin i nGaeilge.

Stáiseanóireacht

- I gcás stáiseanóireachta de, beidh sé mar pholasáí agaibh go mbeidh sí i nGaeilge nó dátheangach. Sa chás seo, tá sé mar pholasáí go mbeidh aon téacs i nGaeilge nó i mBéarla ar chomhfhéid. Beidh an leagan Gaeilge os cionn an leagan Béarla agus áit a mbeidh an dá théacs le chéile beidh an leagan Gaeilge ar taobh na láimhe clé. Beidh an dá théacs comhionann ó thaobh cruth, méid, caighdeán, soléiteacht agus suntasacht de. Más gá aon idirdhealú eile a dhéanamh beidh forlámhas ag an Gaeilge.
- Is i nGaeilge agus i mBéarla a bheidh fógráin, fógairtí béil (beo nó réamhthairfeadta), agus comharthaí taobh amuigh den Ghaeltacht. Is i nGaeilge amháin a bheidh fógráin 7rl sa nGaeltacht.
- Beidh póstaerí eolais ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla go comhuaineach.

Cumarsáid Leictreoinéach

- Baineann an treoir thuas maidir le comhfhreagras leictreoinéach nó ríomhphoist chomh maith. Beidh an séanadh a cuirtear ar gach ríomhphoist dátheangach nó i nGaeilge amháin.
- Beidh an suíomh idirlíon a chuireann eolas ar fáil don phobal go hiomlán dátheangach.

Ábhar Scríofa

- Tá dualgas reachtúil roinnt ábhar scríofa a fhoilsiú go comhuaineach i ngach ceann de na teangacha oifigiúla : cuntaisí, tuairiscí, 7rl.
- Beidh sé mar chleachtas gach uile doiciméad a fhoilsiú go dátheangach, iad siúd nach luaitear san Acht san áireamh.
- Beidh foirmeacha coitianta seachtrach (.i.e. foirmeacha go mbíonn ar an bpobal a úsáid), i nGaeilge intuigthe sa nGaeltacht sa chás gur gnó Gaeltachta amháin atá i gceist. Is go dátheangach a bheidh na foirmeacha coitianta seachtracha eile.

Reachtaíocht

- Tá dualgais ar leith faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 Achtanna an Oireachtais a fhoilsiú go comhuaineach i ngach ceann de na teangacha oifigiúla.

Cruinnithe Poiblí

- Reachtálfar cruinnithe, fiosrúcháin, 7rl a eagraíonn sibh don phobal trí mheán na Gaeilge sa Ghaeltacht le seirbhís ateangaireacht comhuaineach Gaeilge-Béarla/Béarla-Gaeilge ar fáil don té go bhfuil fonn air Béarla a úsáid.
- Lasmuigh den Ghaeltacht beidh cead ag an bpobal ceachtar den dá theanga oifigiúil a úsáid agus beidh seirbhísí ateangaireacht ar fáil. Tógfaidh sibh cumas labhartha Gaeilge san áireamh agus socruithe á dhéanamh acu maidir le Cathaoirligh chruinnithe poiblí nó Cathaoirligh agus fóirne bínse á roghnú acu.
- Foilseofar aon tuairisc ag éirí as cruinnithe, fiosrúcháin nó binsí fiosrúcháin i nGaeilge nó go dátheangach. Beidh an dá theanga in aon téacs dátheangach ar chomhfhéid. Beidh an leagan Gaeilge os cionn an leagan Béarla, agus, áit a mbeidh an dá théacs le chéile beidh an leagan Gaeilge ar fáil ar thaobh na láimhe clé. Beidh an dá théacs comhionann ó thaobh cruth, méid, caighdeán, soléiteacht agus suntasacht de. Más gá aon idirdhealú eile a dhéanamh beidh forlámhas ag an leagan Gaeilge.
- Beidh foirm agus stíl aon ábhar poiblí a fhoilsíonn sibh i nGaeilge nó i mBéarla intuigte, soléite agus éasca le freagairt.

An Ghaeltacht

- Tá sainriachtanais ag pobal na Gaeltachta de bharr go bhfuil siad ag feidhmiú trí theanga neamhfhorleathan atá faoi shíorbhrú ag an dara teanga oifigiúil, ceann de na teangacha is cumhachtaí sa domhan. Beartóidh sibh gach seirbhís a bhaineann leis an nGaeltacht a sholáthar sa gnáth-chúrsa trí mheán na Gaeilge amháin.

Triú Páirtithe

- Beidh téarmaí na scéime seo mar choinníoll dóibh siúd atá ag obair libh, faoi chonradh nó mar fho-chuideachtaí.
- Comhlíonfaidh aon chomhaontú nó socrú idir sibh fhéin agus tríú páirtí téarmaí na scéime seo - aon seirbhís a dháiltear amach ar chonradh san áireamh. Beidh ar chonraitheoir monatóireacht a dhéanamh ar aon soláthar seirbhíse, de réir na scéime. As seo amach beidh a leithéid de riachtanas soiléir ó cháipéisí dlíthairiscinte.

Feidhmiú na Scéime agus na hAhta, 2003

- Tá freagracht reachtúil oraibh maidir le feidhmiú Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.
 - Cuirfear bhur fhoireann ar an eolas faoin Scéim agus faoi na dualgais a leagann sibh. Beidh an Scéim ar fáil go poiblí ar bhur shuíomh idirlín agus beidh leagan crua ar fáil freisin.
 - Bunófar rannóg ar leith chun monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeán na seirbhíse i nGaeilge nó go dátheangach atá ar fáil de réir na scéime.
-

Aighneacht
ó
Seán Ó Curraoin

**18, Ascaill Verbena,
Br. Chill Bharrig
Baile Átha Cliath 13.
7/12/04**

Aighneacht chuig John Coleman,
Roinn an Taoisigh.

A Chara,

Ba mhaith liom, os í an Ghaeilge mo mháthair-theanga, seirbhís trí Ghaeilge a fháil go fáilteach agus gan deacracht ó do Roinn. Ba mhaith liom foireann a bheith sa Roinn atá in ann gnó a dheanamh trí Ghaeilge . Ba mhaith liom foirmeacha doiciméad agus tuairiscí a bheith ar fáil go dátheangach uait agus mura bfuil an Rannóg ábalta é seo a chuir ar fáil go gceapfaí foireann aistriúcháin sa Rannóg a mbeadh ceangal acu le Rannóg an Aistriúcháin, ionas nach mbeadh leaganach difriúla d'aistriúcháin ag teacht ón Stát. Beidh ualach trom ar Rannóg an Aistriúcháin an leagan Gaeilge de na

